—1980—

# Máirtín Ó Cadhain: An Pholaitíocht agus an Ghaeilge

Breandán Ó hEithir

(Cathaoirleach: Breandán Ó Buachalla)

Ar an gcuid is neamhbhuaine de shaothar Mháirtín Uí Chadhain, de réir na meastóireachta liteartha, atáimse ag trácht: a chuid paimfléad agus a chuid iriseoireachta polaitiúil. Déantar talamh slán de, agus ní gan údar, nach díol spéise tuairimí ná teoiricí polaitiúla an scríbhneora ach amháin do scríbhneoirí beathaisnéise nó do dhaoine ar mó a spéis i bpolaitíocht agus i mbiadán liteartha ná sa litríocht féin. Is fada ó thuirsíomar de chonspóidí seasca faoi Yeats agus na Blueshirts. Léigh mé leabhar le gairid faoi pholaitíocht James Joyce. Bhí sé i bhfabhar an tsóisialachais, is cosúil; go háirithe nuair nach mbíodh ba na pátrúnachta caipitlí ag tál. Thaibhríodh sé an stát cluthar sóisialach ina mbeadh an scríbhneoir cruthaíoch mar chúram ar an státchiste. Ní gá mórán samhlaíochta chun an cineál dáin, próis nó filíochta, a chumfadh an Comrádaí Joyce ag moladh an tarracóra nua nó an scéim forbartha deich mbliana, ar chuid di é féin freisin, a shamhlú.

Cás ar leith is ea Máirtín Ó Cadhain. Cás ar leith scríbhneoir ar bith atá chomh buartha sin faoina mheán is go gcaitheann sé troid ar son a bheo, in aghaidh a réasúin féin a deir leis nach chun a leasa mar scríbhneoir a leithéid de throid. Ní ag súgradh le teoiricí polaitiúla ná le polaitíocht theibí a bhí sé, mar a bhíodh H. G. Wells agus Shaw idir amanna. Mura dtarlaíodh san IRA choíchin é níor mhór dó an aird chéanna a thabhairt ar an bpolaitíocht a thug Saunders Lewis sa Bhreatain Bheag. Sin í crois an scríbhneora mionteanga; go háirithe mionteanga atá go follasach ar an leabhar ag an bhfiach. Níl éalú ón gcois ach éalú an amadáin

chun túr éabhair na saontachta, an mhearbhaill agus na féindallamullóige. Mar a tharla, fear thar a bheith polaitiúil a bhí ann agus fear thar a bheith trodach. Bhí sé san IRA agus chaith cúig bliana i bpríosún dá bharr. Chreid sé san fhoréigean agus níor shéan modhanna ur-reachtúla chun cuspóirí a chur i gcrích. Thug sé dílseacht do chineál éigin sóisialachais Marxach; cineál a d'athraíodh a chruth, ní mór a admháil, agus nach bhfuil éasca a aicmiú fós féin faoi aon cheann den iliomad lipéad, ar fairsinge sa tír anois iad ná lena bheo. Thug sé dílseacht d'idéal amháin: an stát poblachtach ina mbeadh an Ghaeilge i réim agus an Ghaeltacht faoi bhláth. Éire Ghaelach gan roinnt. B'in cuspóir nár athraigh, ó thús deireadh.

D'athraigh rudaí eile. D'athraigh béim ar rudaí imeallacha agus uaireanta ar rudaí nach raibh chomh himeallach. Idir an *Aisling*, a scríobhadh i 1966, agus *Gluaiseacht na Gaeilge, Gluaiseacht ar Strae*, a scríobhadh i 1969, tá athrú suntasach i dtreo an tsóisialachais. De bharr go gcreideann Ó Cadhain go dtiocfaidh an sóisialachas i réim in Éirinn ní mór do ghluaiseacht na Gaeilge a bheith mionnaithe dó freisin. Ceann den iomad íoróin a rith liom, le linn na léitheoireachta, ná céard a cheapfadh Ó Cadhain den treo atá faoin gcuid áirithe de Ghluaiseacht na Poblachta—cuid den bhuíon a d'eagraigh a shochraid féin—anois, ar an dá cheist mhóra náisiúnta: an teanga agus an Tuaisceart. Ach cé gur léir duit, uaireanta, go bhfuil an compás as ordú agus an chairt easnamhach tá an ceann cúrsa céanna san intinn i gcónaí. Níor gealladh dó an ceann cúrsa a bhaint amach agus ní ghealllfar sin d'éinne againne ach oiread. Ní mór an deoch domlais sin a chaitheamh siar i dtús báire. Scríobh sé uair nár bhain sé leis an *Band of Hope and Glory* mar a thug sé orthu; lucht andóchais, dar leis, a shamhlódh éadóchas leis féin agus a chuirfeadh ina leith go raibh sé ag craobhscaoileadh an éadóchais. Mar a fheicfimid ar ball, tá cuid den Band of Hope and Glory úd, aspail an Pháipéir Bháin, feachtas na síniúchán, Bord na Gaeilge agus eile, táid ag teacht ar mhalairt intinne ar luas agus ag bagairt iontais nua sa tír. Is cosúil gur ag ramhrú agus ag dorchú atá spéir na Gaeilge i gcónaí. B'fhéidir go bhfuil an Ghaeilge básaithe i ngan fhios dúinn.

Pé rud eile a bhí sé a chraobhscaoileadh ní ag craobhscaoileadh staid shuaimhneach an éadóchais a bhí sé. An té a ghéilleann don éadóchas, a dúirt sé uair, ní gá dó tada a dhéanamh feasta. Ag comhairliú troda a bhí sé, le beagán iomarca simpliú a dhéanamh ar a shoiscéal ach gan é a chur tada as a riocht. Ag comhairliú do lucht na Gaeilge eagrú as an nua, modhanna éagsúla troda agus easumhlaíochta a tharraingt chucu féin, brú a chur agus a choinneáil ar an stát agus ar na páirtithe polaitíochta, idir chaolchúis agus mhíréasún a chleachtadh agus—thar rud ar bith eile, b'fhéidir—a thuiscint cén aisling a bhí le cur i gcrích, a bhí le fíoradh in Éirinn.

'There is a splinter of ice in the heart of a writer,' a scríobh Graham Greene, ag cur síos dó ar eachtra ina shaol féin nuair a chuir sé iallach air féin féachaint agus éisteacht nuair a bhí máthair ag caoineadh a linbh a fuair bás obann